Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0379(COD)**

**15192/2/23**
**REV 2 ADD 1**

**CODEC 2079**
**EF 344**
**ECOFIN 1147**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha áirithe a mhéid a bhaineann le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire**

Aithníonn Poblacht na Bulgáire an acmhainneacht atá ag an pointe rochtana aonair Eorpach (ESAP) rannchuidiú le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil a bhaint amach. Chun go mbeidh rath ar an Ionad Eorpach Ilfhreastail Aonair, áfach, creidimid go bhfuil tábhacht le cur chuige dea-chalabraithe a áirithiú maidir leis an ardán a chur ar bun i dtéarmaí raon feidhme na faisnéise atá le soláthar, mar aon leis an uainiú agus na costais. Ar an mbonn sin, tá sé tábhachtach faisnéis a chur san áireamh sa phointe rochtana aonair Eorpach atá ábhartha d'infheisteoirí agus nach mó na costais a bhaineann lena foilsiú ná na tairbhí.

Ón méid a thuigimid, bhainfeadh codanna áirithe den togra tairbhe as tuilleadh measúnaithe agus feabhsuithe ar bhonn plé críochnúil ar bhonn gníomh ar ghníomh chun ualach míchuí agus costais mhíchuí ar eintitis agus ar chomhlachtaí bailithe araon a sheachaint.

Is sampla de na codanna sin iad na leasuithe atá beartaithe i dTreoir Omnibus an phointe rochtana aonair Eorpaigh i ndáil leis an Treoir Chuntasaíochta agus an Treoir maidir le margaí in ionstraimí airgeadais. Cuireann na Leasuithe ar an Treoir Chuntasaíochta oibleagáid dhíréireach ar chuideachtaí neamhliostaithe tuarascálacha airgeadais a fhoilsiú sa phointe rochtana aonair Eorpach. Ina theannta sin, mar thoradh ar fhorálacha, bheadh dúbailt faisnéise curtha isteach ag na heintitis chéanna – mar shampla, bheadh ar chuideachtaí liostaithe faisnéis a chur faoi bhráid an phointe rochtana aonair Eorpaigh ar bhonn na Treorach um Thrédhearcacht agus na Treorach Cuntasaíochta, chuig dhá chomhlacht bailithe éagsúla, seans, rud nach n-urramódh an prionsabal 'comhdú uair amháin'. I bhfianaise na Treorach maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, bheadh na ceanglais ar chuideachtaí atá liostaithe ar mhargaí fáis FBManna fritorthúil don chuspóir rochtain FBManna ar mhargaí caipitil a éascú.

Tacaímid le cuspóirí an phointe rochtana aonair Eorpaigh, ach inár dtuairim féin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe den togra ar bhealach níos leordhóthanaí.